Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2026 (OR. en)

10751/26

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0146 (NLE)**

**FISC 225**
**ECOFIN 842**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 281 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 lena n-údaraítear Poblacht na hIodáile le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 281 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 281 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.6.2026
COM(2026) 281 final

2026/0146 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 lena n-údaraítear Poblacht na hIodáile le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1] ('an Treoir maidir le CBL'), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2025, d'iarr Poblacht na hIodáile údarú chun leanúint den mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 den Treoir maidir le CBL i ndáil le ceanglais maidir le híoc agus sonrascadh CBL i gcás soláthairtí earraí agus seirbhísí d'údaráis phoiblí agus do chuideachtaí arna rialú ag údaráis phoiblí lárnacha nó ag údaráis phoiblí áitiúla.

I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 27 Aibreán 2026 maidir leis an iarraidh a rinne Poblacht na hIodáile. Le litir dar dáta an 28 Aibreán 2026, thug an Coimisiún fógra do Phoblacht na hIodáile go raibh an fhaisnéis uile ba ghá aige chun an iarraidh a bhreithniú.

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tar éis córas um sheiceálacha staidrimh a thabhairt isteach, d'aimsigh an Iodáil calaois CBL shuntasach i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí d'údaráis phoiblí. Chun deireadh a chur leis na cleachtais sin, d'iarr an Iodáil in 2014, i gcás soláthairtí d'údaráis phoiblí, nach n-íocfaí an CBL dlite leis an soláthróir a thuilleadh, ach go n-íocfaí é isteach i gcuntas bainc leithleach, blocáilte de chuid na n-údarás cánach. 'Íocaíocht dheighilte' a thugtar go coiteann ar an sásra sin, arae an íocaíocht a d'aistreodh an custaiméir de ghnáth ina hiomláine chuig an soláthróir (comaoin mar mhalairt ar an soláthar, móide CBL), deighltear an íocaíocht sin ina dhá cuid, mar a leanas: (i) cuid amháin, an chomaoin, a íoctar le soláthróir na n-earraí nó na seirbhísí; agus, (ii) an chuid eile, an CBL dlite, a íoctar isteach i gcuntas bainc blocáilte de chuid na n-údarás cánach.

Údaraíodh an maolú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1401 ón gComhairle[2] go dtí an 31 Nollaig 2017. Leis an gCinneadh sin, údaraíodh an Iodáil le maolú ar Airteagal 206 den Treoir maidir le CBL i dtaca le híoc CBL agus le maolú ar Airteagal 226 den Treoir maidir le CBL i dtaca leis na rialacha um shonrascadh.

D'iarr an Iodáil an maolú i leith tréimhse theoranta, rud a d'fhág go bhféadfadh sí bearta beartais rialaithe leormhaithe a eagrú agus a chur chun feidhme agus leas iomlán a bhaint as na sonraí a fhaightear trí ríomhshonrascadh. Trí oibleagáid ríomhshonrasctha a chur chun feidhme i gcás soláthairtí d'údaráis phoiblí, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí rialú i bhfíor-am a dhéanamh ar idirbhearta aonair agus ar na méideanna beachta CBL a bhfuil sé dlite ar údaráis phoiblí iad a íoc ar a gcuid ceannach, ba cheart go mbeadh an Iodáil in ann iniúchadh a dhéanamh ar an earnáil lena mbaineann ar bhonn gnáth-theicnící rialaithe gan gá a bheith le maolú ar an Treoir maidir le CBL chun an beart um íocaíocht dheighilte a chur i bhfeidhm.

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1401 ón gComhairle an 14 Iúil 2015 lena n-údaraítear an Iodáil le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 217, 18.8.2015, lgh. 7–8.

De réir faisnéis a chuir an Iodáil isteach, trí ríomhshonrascadh a thabhairt isteach i gcás soláthairtí d'údaráis phoiblí, cuireadh cuid mhór faisnéise ar fáil do na húdaráis chánach maidir le sreabhadh na sonrasc, rud a d'fhág go bhféadfaí idirbhearta a rialú maille leis na méideanna CBL comhfhreagracha. Mar sin féin, níor tugadh isteach gné eile den chóras rialaithe éifeachtaigh — an oibleagáid tuairisc a thabhairt do na húdaráis chánach faoi shonraí gach sonraisc a eisíodh agus a fuarthas — go dtí an 1 Eanáir 2017. Theastaigh níos mó ama le go mbeadh an beart éifeachtach agus le cáiníocóirí a spreagadh go héifeachtach chun feabhas a chur ar an gcaoi a gcomhlíonann siad oibleagáidí cánach. Dá bhrí sin, d'iarr an Iodáil síneadh a chur leis an maolú ar Airteagail 206 agus 226 den Treoir maidir le CBL i dtaca le soláthairtí d'údaráis phoiblí.

Ina theannta sin, d'aimsigh an Iodáil imghabháil cánach in earnáil na soláthairtí do chuideachtaí atá faoi rialú na n-údarás poiblí agus do ghrúpa beag 40 cuideachta atá liostaithe ar an stocmhalartán. Chun an imghabháil cánach sin a chomhrac agus chun a áirithiú nach ndéanfaí aon chaillteanas eile CBL i gcás ioncam poiblí, d'iarr an Iodáil raon feidhme an mhaolaithe ar Airteagail 206 agus 226 den Treoir maidir le CBL a leathnú amach go dtí soláthairtí earraí agus seirbhísí do na heintitis thuasluaite, a mheas an Iodáil a bheith chomh hiontaofa céanna le húdaráis phoiblí. Is iad na heintitis sin cuideachtaí atá faoi rialú údarás poiblí lárnach nó údarás poiblí áitiúil maille le liosta de thart ar 40 cuideachta atá liostaithe ar an stocmhalartán, nó tuairim is 2 400 cuideachta san iomlán. Bhí súil ag an Iodáil, dá leathnófaí an beart um íocaíocht dheighilte go dtí na cuideachtaí sin, go rachfaí i ngleic ar an gcaoi sin leis an imghabháil cánach a dhéantar trí sholáthróirí gan bheith ag íoc CBL leis na heintitis lena mbaineann agus, dá thoradh, go dtiocfadh méadú ar an ioncam CBL.

Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 ón gComhairle[3], údaraíodh síneadh a chur leis an maolú agus a raon feidhme leathnaithe, go dtí an 30 Meitheamh 2020. Thug an Iodáil gealltanas arís agus arís eile nach n-iarrfadh sí an beart speisialta a athnuachan ón uair a bheadh an pacáiste beart a bhí beartaithe ag an Iodáil a chur i bhfeidhm curtha chun feidhme go hiomlán. Bheadh sé róluath in 2020, áfach, measúnú iomlán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart sin, ós rud é, an tráth sin, nach raibh siad curtha chun feidhme go dtí tamall roimhe sin. Ina theannta sin, i bhfianaise na ndeacrachtaí a bhí ann de dheasca phaindéim COVID-19, bhí níos mó deacrachtaí ag daoine inchánach na hathruithe ba ghá a chur chun feidhme ina gcuid córas sonrasctha, agus b'amhlaidh na deacrachtaí a bhí ag na córais riaracháin cánach a gcuid córas rialaithe agus TF a oiriúnú. Ar na cúiseanna sin, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1105 ón gComhairle[4], cuireadh síneadh go dtí an 30 Meitheamh 2023 leis an údarú chun leanúint de chur i bhfeidhm an tsásra um íocaíocht dheighilte. Ina dhiaidh sin, cuireadh síneadh leis an mbeart speisialta arís eile go dtí an 30 Meitheamh 2026 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1552 ón gComhairle[5]. Faoin síneadh is déanaí, rinneadh cuideachtaí a liostaítear ar an stocmhalartán a eisiamh ó raon feidhme an bhirt maolaithe ón 1 Iúil 2025.

---

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 ón gComhairle an 25 Aibreán 2017 lena n-údaraítear Poblacht na hIodáile le beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1401, IO L 118, 6.5.2017, lch. 17.

[4] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1105 ón gComhairle an 24 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 lena n-údaraítear Poblacht na hIodáile le beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 242, 28.7.2020, lch. 4.

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1552 ón gComhairle an 25 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 a mhéid a bhaineann le tréimhse údaraithe, agus le raon feidhme, an bhirt speisialta arna dhéanamh ag an Iodáil de mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 188, 27.7.2023, lch. 45.

Tá an sásra um íocaíocht dheighilte ina chuid de phacáiste beart a thug an Iodáil isteach chun calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac. Is é atá i gceist leis an bpacáiste beart seo, chomh maith le nithe eile, ríomhshonrascadh agus tarchur leictreonach sonraí maidir le muirir laethúla. Tugadh an ríomhshonrascadh isteach an 1 Iúil 2018 i leith earnálacha áirithe, agus tá sé i bhfeidhm i bhfoirm ghinearálaithe ón 1 Eanáir 2019. Údaraíodh an oibleagáid le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 ón gComhairle[6]. Chun go mbeadh sonraí faoi mhuirir laethúla á dtarchur go leictreonach, ní mór do cháiníocóirí atá ag gabháil don trádáil mhiondíola agus do ghníomhaíochtaí comhchosúla (nach ngabhann oibleagáidí sonrasctha leo) na sonraí faoi mhuirir laethúla a stóráil go leictreonach agus iad a tharchur go leictreonach chuig *Agenzia delle Entrate*. Tháinig an oibleagáid dheireanach sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020 agus, i gcás cáiníocóirí ag a bhfuil láimhdeachas os cionn EUR 400 000, an 1 Iúil 2019. An pacáiste beart sin, cuireadh in ionad bearta rialaithe eile é, rud a chuireann ar a gcumas d'údaráis chánach na hIodáile na hoibríochtaí éagsúla arna ndearbhú ag na hoibreoirí a chros-seiceáil agus faireachán a dhéanamh ar a gcuid íocaíochtaí CBL. Tugadh isteach leis na hathruithe reachtacha is déanaí oibleagáid sonraí faoi idirbhearta CBL ó ríomhshonraisc, ó idirbhearta trasteorann agus ó ríomh-mhuirir a chur ar fáil láithreach do cháiníocóirí chun a gcomhlíontacht a dhéanamh níos éasca dóibh; fágann sé sin gurb é *Agenzia delle Entrate* a dhéanann na tuairisceáin CBL a réamh-ullmhú agus go n-ullmhaítear measúnuithe CBL tráthrialta, a bhféadann an cáiníocóir glacadh leo nó forlíonadh a chur leo.

Measann an Iodáil gur tháinig sineirgí chun cinn mar gheall ar an sásra um íocaíocht dheighilte agus an ríomhshonrascadh éigeantach, sineirgí as ar eascair laghdú nach beag ar an gcalaois CBL agus, dá bhrí sin, gur cheart an sásra agus an ríomhshonrascadh araon a choinneáil ar bun, ós uirlis í an íocaíocht dheighilte a úsáidtear chun calaois a chosc, agus ós é atá sa ríomhshonrascadh uirlis lena mbraitear calaois.

De réir na hIodáile, is é is bun le héifeachtacht an tsásra um íocaíocht dheighilte go ngníomhaíonn an ionstraim sin ar bhealach coisctheach i ndáil le cásanna imghabhála cánach, rud a áirithíonn ioncam níos mó ná aon bheart a mbíonn gníomhaíocht rialaithe *ex post* i gceist leis. Is cuma cé chomh tráthúil, láithreach agus a bheadh an ghníomhaíocht rialaithe, ní féidir le bearta *ex post* aisghabháil éifeachtach na cánach arna seachaint a áirithiú i gcónaí. Cé gur beart thar a bheith éifeachtach é an ríomhshonrascadh (nó tuairisciú sonraí sonraisc, sna cásanna sin nach bhfuil an ríomhshonrascadh éigeantach), d'fhéadfadh sé, nuair a bheadh an rialú déanta, nach mbeadh an acmhainn airgeadais riachtanach ag an imghabhálaí cánach chun an fiach a íoc. Ar an gcúis sin, maíonn an Iodáil gur uirlis an-éifeachtach é an sásra um íocaíocht dheighilte i gcásanna inarb airde céim comhlíontachta cánach an fhaighteora ná céim comhlíontachta cánach an tsoláthróra. Dá bhrí sin, breithníonn an Iodáil gur bearta comhlántacha iad na bearta sin, agus nach bearta iad atá so-chómhalartaithe.

Tugtar faoi deara gurb é ceann d'éifeachtaí na híocaíochta deighilte nach féidir le soláthróirí, ós daoine inchánach iad, an CBL a íocadh ar a n-ionchur a fhritháireamh in aghaidh an CBL a fuarthas ar a soláthairtí. D'fhéadfadh sé go mbeidís de shíor i suíomh creidmheasa agus d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu a iarraidh ar an gcóras riaracháin cánach an CBL sin a aisíoc leo iarbhír. Os a choinne sin, faoi choinníollacha áirithe údaraíonn an Iodáil na soláthróirí sin leis an CBL nach bhfuair siad óna gcustaiméirí a fhritháireamh in aghaidh cánacha eile atá dlite san Iodáil, agus ar an gcaoi sin cuirtear teorainn leis an bhfadhb sreafa airgid a d'fhéadfadh, ina éagmais sin, teacht chun cinn do ghnólachtaí atá faoi dhliteanas a gcánacha a íoc san Iodáil. De réir na sonraí a chuir an Iodáil ar fáil, go ginearálta, in 2024 ba é 74 lá an mheántréimhse a theastaigh chun aisíocaíochtaí CBL a phróiseáil agus, in iarrataí a cuireadh

---

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 ón gComhairle an 16 Aibreán 2018 lena n-údaraítear Poblacht na hIodáile le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 99, 19.4.2018, lch. 14.

ar aghaidh chuig daoine inchánach faoin íocaíocht dheighilte, is meántréimhse 60 lá a bhí i gceist.

I bhfianaise a bhfuil thuas, tá sé beartaithe glacadh leis an iarraidh ón Iodáil síneadh a chur le húdarú an mhaolaithe ach gan an síneadh sin a dhéanamh ach go dtí an 30 Meitheamh 2029 (agus ní an 31 Nollaig 2029, mar a d'iarr an Iodáil). Ba cheart gur leor an tréimhse sin chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart arna gcur chun feidhme chun laghdú a dhéanamh ar an imghabháil cánach sna hearnálacha lena mbaineann. Thairis sin, beidh caoi níos fearr ar na gnólachtaí agus na córais riarachán cánach, faoin am sin, tabhairt faoi na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar a gcuid córas.

I bhfianaise raon feidhme leathan an mhaolaithe, is tábhachtach a áirithiú go ndéanfar an obair leantach is gá laistigh de chreat an mhaolaithe seo agus, go háirithe, go ndéanfar measúnú ar thionchar an bhirt ar leibhéal na calaoise CBL agus ar chás na n-aisíocaíochtaí CBL do na daoine inchánach a chumhdaítear leis an maolú. Iarrtar ar an Iodáil, dá bhrí sin, tuarascáil a sholáthar faoin nós imeachta aisíocaíocht CBL maidir le staid na soláthróirí (daoine inchánach) a chumhdaítear leis an maolú, agus an tuarascáil sin a chur ar fáil 15 mhí tar éis teacht i bhfeidhm don mhaolú. Sa tuarascáil féin, ba cheart staidreamh a bheith inti a mhéid a bhaineann leis an meántréimhse is gá chun CBL a aisíoc iarbhír leis na daoine inchánach sin agus ba cheart cur síos a dhéanamh inti ar fhadhbanna ar leith a tháinig chun cinn, b'fhéidir, sa chomhthéacs sin. Ba cheart a léiriú sa tuarascáil sin freisin cé na bearta éagsúla a cuireadh chun feidhme chun imghabháil cánach i gcás na soláthairtí a chumhdaítear leis an maolú a chomhrac, dáta a dteacht i bhfeidhm, chomh maith le meastóireacht ar a n-éifeachtacht.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an maolú comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana.

Ghlac an Coimisiún an 8 Nollaig 2022 Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach[7] . Tá ar cheann de phríomhchuspóirí an togra calaois CBL a chomhrac trí cheanglais maidir le tuairisciú digiteach a chur chun feidhme a bheidh bunaithe ar ríomhshonrascadh. Leis an athchóiriú sin, arna ghlacadh ag an gComhairle an 11 Márta 2025, beidh na Ballstáit in ann an ríomhshonrascadh éigeantach a chur chun feidhme, mar atá an Iodáil a dhéanamh faoi láthair, ach beidh deireadh leis an ngá le tuilleadh maoluithe ar an Treoir maidir le CBL a iarraidh chun na córais sin a chur chun feidhme. Mar a luadh thuas, tá an tuairisciú sonraí chuig an gcóras riaracháin cánach trí ríomhshonrascadh leictreonach ina chuid den phacáiste beart a ghlac an Iodáil, mar aon leis an sásra um íocaíocht dheighilte, chun calaois CBL a chomhrac.

Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle[8], tugadh maolú comhchosúil don Pholainn chun an sásra um íocaíocht dheighilte a chur i bhfeidhm. Deonaíodh an maolú sin ar dtús go dtí an 28 Feabhra 2022, cuireadh síneadh leis go dtí an 28 Feabhra 2025[9] agus cuireadh síneadh leis ina dhiaidh sin go dtí an 29 Feabhra 2028[10]. Is éard atá i gcóras um

7 COM/2022/701 final.

8 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle an 18 Feabhra 2019 lena n-údaraítear an Pholainn le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 51, 22.2.2019, lch. 19.

9 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/559 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 a mhéid a bhaineann leis an údarú arna dheonú don Pholainn leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 108, 7.4.2022, lch. 51.

10 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/373 ón gComhairle an 18 Feabhra 2025 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 a mhéid a bhaineann leis an údarú arna dheonú don

íocaíocht dheighilte na Polainne sásra deonach um íocaíocht dheighilte agus sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte. An córas éigeantach sin um íocaíocht dheighilte, déanann sé difear do sholáthairtí earraí agus seirbhísí a n-íoctar astu le haistrithe bainc leictreonacha, ar soláthairtí iad a dhéantar idir daoine inchánach i réimsí atá neamhchosanta go mór ar chalaois CBL agus a bhfuil stair fhada braite calaoise ag baint leo. I gcóras éigeantach um íocaíocht dheighilte na Polainne, feidhmíonn an banc mar ghníomhaire deighilte, agus aistríonn sé an méid arna íoc ag an gcustaiméir isteach i gcuntais ábhartha an tsoláthróra, i.e. an méid inchánach chuig gnáthchuntas an trádálaí agus an tsuim CBL chuig cuntas CBL blocáilte an trádálaí. Na cistí sa chuntas CBL blocáilte, is leis an duine inchánach iad, ach mar sin féin, tá an fhéidearthacht atá aige na cistí a dhiúscairt teoranta i bprionsabal d'íoc CBL atá dlite don údarás cánach nó do na soláthróirí.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is é atá ina bhunús dlí Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL lena bhforáiltear go bhféadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc.

### • Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

I bhfianaise na forála den Treoir maidir le CBL ar a bhfuil sé bunaithe, tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

### • Comhréireacht

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát arna iarraidh sin dó féin agus níl aon oibleagáid ann.

Ós rud é go bhfuil an maolú teoranta ó thaobh ama de agus go bhfuil sé teoranta do sholáthairtí earraí agus seirbhísí don earnáil phoiblí agus do chuideachtaí atá faoi rialú an stáit, tá an raon feidhme dírithe ar earnálacha sonracha lena mbaineann fadhbanna móra maidir le himghabháil cánach. Dá bhrí sin, tá an beart speisialta i gcomhréir leis an aidhm atá á saothrú, is é sin, imghabháil cánach a chomhrac.

### • An rogha ionstraime

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim atá beartaithe.

Faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar na rialacha coiteanna CBL a dhéanamh ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir í a dhíriú chuig Ballstát aonair.

---

Pholainn leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L, 2025/373, 28.2.2025.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara. Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Iodáil agus is leis an mBallstát áirithe sin amháin a bhaineann sé.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh measúnú tionchair toisc nach meastar go mbeidh tionchair mhóra eacnamaíocha, chomhshaoil nó shóisialta mar thoradh ar an togra.

Tá sé d'aidhm ag an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle síneadh a chur le cur i bhfeidhm an mhaolaithe ar Airteagail 206 agus 226 den Treoir maidir le CBL i gcás soláthairtí d'údaráis phoiblí agus do chuideachtaí arna rialú ag údaráis lárnacha agus ag údaráis áitiúla. Trína fhorchur go n-íocfar an CBL dlite isteach i gcuntas bainc ar leith de chuid an chórais riaracháin cánach, tá sé d'aidhm ag an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ar an gcéad dul síos imghabháil cánach, i bhfoirm neamhíoc CBL ag soláthróirí leis na heintitis liostaithe, a chomhrac. Ba chosúil gur uirlis éifeachtach chun na críche sin é an beart atá á chur i bhfeidhm ag an Iodáil faoi láthair.

De réir na sonraí a chuir an Iodáil ar fáil, is é atá i gceist le cur chun feidhme an bhirt méadú thart ar EUR 4,6 billiún in aghaidh na bliana ar íocaíochtaí. Ba é *Agenzia delle Entrate* a chinn an méid sin, trína mheas, maidir le soláthróirí *Pubblica Amministrazione*, i gcás na n-idirbheart céanna, go bhfuil suim an CBL aschuir níos ísle a íocadh iarbhír tar éis an sásra um íocaíocht dheighilte a thabhairt isteach, glan ón méadú ar chúiteamh agus ar aisíocaíochtaí, níos ísle ná na híocaíochtaí a rinne *Pubblica Amministrazione* a bhaineann leis na hidirbhearta céanna. Baineadh de thátal as tuilleadh anailíse a rinne an Iodáil gur fhan an éifeacht sin cobhsaí i gcaitheamh na mblianta ar fad a rabhthas ag cur an bhirt chun feidhme lena raon feidhme iomlán. Tá imní ar an Iodáil go bhféadfadh caillteanas ioncaim ar an méid céanna a bheith mar thoradh ar dheireadh a chur leis an mbeart tráth a mbeidh ar an Iodáil déileáil le bearna mhór CBL fós.

Éifeacht eile ba cheart a chur san áireamh ná nach bhfaigheann soláthróirí faoin gcóras seo an CBL óna gcliaint. Dá bhrí sin, is minice a bheidh orthu aisíocaíocht éifeachtach CBL a iarraidh, i gcás nach féidir leo an CBL sin a fhritháireamh in aghaidh cánacha eile atá dlite san Iodáil. Chun tionchar diúltach ar na daoine inchánach sin a sheachaint, fiú mura bhfuil na soláthróirí bunaithe san Iodáil, tá sé ríthábhachtach go mbeidh an nós imeachta aisíocaíochta ag feidhmiú go cuí agus go tráthúil. De réir na hIodáile, comhlíonann na meántréimhsí próiseála le haghaidh aisíocaíochtaí an spriocdháta 3 mhí a bhunaítear leis an reachtaíocht náisiúnta, den chuid is mó[11]. Ina theannta sin, giorraítear na tréimhsí próiseála sin i gcás cuideachtaí atá faoi réir an tsásra um íocaíocht dheighilte a bhuí leis an tosaíocht a thugtar do na hiarrataí sin. Thairis sin, trí ríomhshonrascadh a thabhairt isteach, éascaíodh próiseáil fhoriomlán na n-iarrataí, rud a chuidigh leis an laghdú ginearálta a dhéanamh ar an tréimhse is gá chun iarrataí ar aisíocaíocht a phróiseáil. De réir na sonraí a chuir an Iodáil ar fáil, in 2024 ba é 74 lá an mheántréimhse a theastaigh chun aisíocaíochtaí a phróiseáil agus, in iarrataí faoin íocaíocht dheighilte, is meántréimhse 60 lá a bhí i gceist.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag gabháil leis an togra maidir le cosaint na gceart bunúsach.

[11] Airteagal 38-bis d'Fhoraithne an Uachtaráin Uimh. 633 an 26 Deireadh Fómhair 1972.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon drochthionchar i gceist leis an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

2026/0146 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 lena n-údaraítear Poblacht na hIodáile le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1401[2] ón gComhairle, údaraíodh an Iodáil, go dtí an 31 Nollaig 2017, le ceangal a chur go mbeadh cáin bhreisluacha (CBL) a bhí dlite ar sholáthairtí d'údaráis phoiblí le híoc ag na húdaráis sin isteach i gcuntas bainc leithleach blocáilte de chuid na n-údarás cánach ('an beart speisialta'). Is éard a bhí sa bheart speisialta maolú ar Airteagail 206 agus 226 de Threoir 2006/112/CE i ndáil le rialacha um íoc agus sonrascadh CBL.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 ón gComhairle[3], údaraíodh an Iodáil leis an mbeart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2020, agus leathnaíodh raon feidhme an bhirt speisialta chun go gcuirfí san áireamh soláthairtí do chuideachtaí áirithe arna rialú ag údaráis phoiblí agus do chuideachtaí a liostaítear ar an stocmhalartán agus a áirítear in innéacs in *Milano Indice di Borsa*, stocmhalartán de chuid Financial Times Stock Exchange ('FTSE MIB'). Cuireadh síneadh breise leis an mbeart speisialta go dtí an 30 Meitheamh 2023 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1105 ón gComhairle[4] agus ina dhiaidh sin go dtí an 30 Meitheamh 2026 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1552 ón gComhairle[5]. Faoi Chinneadh Cur

---

1 IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1401 ón gComhairle an 14 Iúil 2015 lena n-údaraítear an Iodáil le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 217, 18.8.2015, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1401/oj).

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 ón gComhairle an 25 Aibreán 2017 lena n-údaraítear Poblacht na hIodáile le beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1401 (IO L 118, 6.5.2017, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/784/oj).

4 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1105 ón gComhairle an 24 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 lena n-údaraítear Poblacht na hIodáile le beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 242, 28.7.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/1105/oj).

5 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1552 ón gComhairle an 25 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 a mhéid a bhaineann le tréimhse údaraithe, agus le raon feidhme, an bhirt speisialta arna dhéanamh ag an Iodáil de mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 de

Chun Feidhme (AE) 2023/1552, rinneadh cuideachtaí a liostaítear ar an stocmhalartán a eisiamh ó raon feidhme an bhirt speisialta ón 1 Iúil 2025.

(3) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2025, d'iarr an Iodáil údarú chun leanúint de chur i bhfeidhm na mbeart speisialta go dtí an 31 Nollaig 2029.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a rinne an Iodáil chuig na Ballstáit eile le litir dar dáta an 27 Aibreán 2026. Le litir dar dáta an 28 Aibreán 2026, thug an Coimisiún fógra don Iodáil go raibh an fhaisnéis uile aige ba ghá chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

(5) Tá an beart speisialta mar chuid de phacáiste beart a thug an Iodáil isteach chun calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac. An pacáiste beart sin, lena n-áirítear an ríomhshonrascadh éigeantach a údaraítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 ón gComhairle[6], cuireadh in ionad bearta rialaithe eile é agus cuireann sé ar a gcumas d'údaráis chánach na hIodáile na hoibríochtaí éagsúla arna ndearbhú ag daoine inchánach a chros-seiceáil agus faireachán a dhéanamh ar a gcuid íocaíochtaí CBL.

(6) Breithníonn an Iodáil go ngiorraíonn an ríomhshonrascadh éigeantach, i gcomhthéacs an phacáiste beart a cuireadh chun feidhme, an t-am a theastaíonn ón gcóras riaracháin cánach chun teacht ar an eolas go bhfuil cás ann arbh fhéidir gur cás calaoise nó imghabhála cánach atá ann. Mar sin féin, measann an Iodáil freisin, in éagmais an tsásra íocaíochta deighilte a tugadh isteach leis an mbeart speisialta, go bhféadfadh sé a bheith dodhéanta méideanna CBL atá dlite ó dhaoine inchánach atá i mbun na calaoise cánach nó na himghabhála cánach a aisghabháil tar éis don chros-seiceáil a bheith déanta toisc, idir an dá linn, go bhféadfadh na daoine inchánach sin a bheith dócmhainneach. Dá bhrí sin, is léir go bhfuil an sásra íocaíochta deighilte, mar bheart *ex ante*, an-éifeachtach agus go gcomhlánaíonn sé an ríomhshonrascadh éigeantach, atá ina bheart *ex post*.

(7) Is é ceann d'éifeachtaí an bhirt speisialta nach féidir le soláthróirí, ar daoine inchánach iad, an CBL a íocadh ar a n-ionchur a fhritháireamh in aghaidh an CBL a fuarthas ar a soláthairtí. D'fhéadfadh sé go mbeadh soláthróirí den sórt sin de shíor i suíomh creidmheasa agus d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu a iarraidh ar na húdaráis cánach an CBL a íocadh ar a n-ionchur a aisíoc leo iarbhír. De réir na faisnéise a sholáthair an Iodáil, daoine inchánach a dhéanann idirbhearta atá faoi réir an bhirt speisialta, tá siad i dteideal íocaíocht na gcreidmheasanna CBL ábhartha a fháil mar thosaíocht, suas go dtí teorainn an chreidmheasa a eascraíonn as na hidirbhearta sin. Tá sé ina cheangal leis an gcleachtas sin go bpróiseáiltear de réir tosaíochta iarrataí ar aisíocaíocht a bhaineann leis an mbeart speisialta, agus go ndéantar amhlaidh ní hamháin le linn an réamh-imscrúdaithe ach freisin le linn íoc na suimeanna atá dlite ó aisíocaíochtaí neamhthosaíochta.

(8) Thug an Iodáil gealltanas arís agus arís eile nach n-iarrfadh sí an beart speisialta a athnuachan ón uair a bheadh an pacáiste beart a bhí beartaithe ag an Iodáil a chur i bhfeidhm curtha chun feidhme go hiomlán. Mar sin féin, measann an Iodáil anois, i

---

Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 188, 27.7.2023, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1552/oj).

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/593 ón gComhairle an 16 Aibreán 2018 lena n-údaraítear Poblacht na hIodáile le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 99, 19.4.2018, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/593/oj).

bhfianaise éifeachtacht an bhirt speisialta agus na sineirgí atá aige le bearta eile a chuirtear i bhfeidhm, go háirithe an ríomhshonrascadh éigeantach, gur cheart síneadh a chur leis an mbeart speisialta chun nach dtitfí ar gcúl sna hiarrachtaí a rinneadh chun an bhearna CBL san Iodáil a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh go dtí an 30 Meitheamh 2029 a chur, den uair dheiridh, leis an údarú chun an beart speisialta a chur i bhfeidhm. Déanta na fírinne, i ndáil le húdaruithe maidir le bearta speisialta ar maolú iad ar na rialacha ginearálta CBL, ós rud é nach dtéitear i muinín na n-údaruithe sin ach amháin mura bhfuil an dara rogha ann, ba cheart don Iodáil neartú a dhéanamh ar a gnáthmhodhanna chun calaois CBL a chosc agus a chomhrac, agus tairbhe iomlán a bhaint astu agus, i gcás inar gá, modhanna nua a thabhairt isteach suas go dtí an pointe nach mbeadh gá a thuilleadh le síneadh breise ar an mbeart speisialta tar éis dheireadh Mheitheamh 2029.

(9) Chun a ráthú go ndéanfar an obair leantach is gá faoi chuimsiú an bhirt speisialta agus go háirithe chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar aisíocaíochtaí CBL le daoine inchánach a chumhdaítear leis an mbeart speisialta, ba cheart don Iodáil tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi mhí Mheán Fómhair 2027. Leis an tuarascáil sin ba cheart aghaidh a thabhairt ar an staid fhoriomlán ó thaobh aisíocaíochtaí CBL le daoine inchánach de, agus go háirithe maidir leis an meántréimhse is gá chun na haisíocaíochtaí sin a phróiseáil, agus maidir le héifeachtacht an bhirt speisialta agus aon bheart eile arna gcur chun feidhme ag an Iodáil arbh aidhm dó laghdú a dhéanamh ar an imghabháil cánach sna hearnálacha lena mbaineann. Ba cheart liosta de na bearta éagsúla sin, mar aon le dáta a dteacht i bhfeidhm, a bheith sa tuarascáil sin.

(10) Tá an beart speisialta comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú ós rud é go bhfuil teorainn ama leis agus go bhfuil sé teorannaithe d'earnálacha a bhfuil rioscaí móra ag baint leo maidir le himghabháil cánach. Ina theannta sin, ní chruthaítear leis an mbeart speisialta an riosca go n-aistreofaí an imghabháil cánach go dtí earnálacha eile laistigh den Iodáil nó go dtí Ballstáit eile.

(11) Ní bheidh tionchar diúltach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailítear ag céim an tomhaltais deiridh ná ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 ón gComhairle mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, an dara mír, cuirtear an dáta '30 Meán Fómhair 2027' in ionad an dáta '30 Meán Fómhair 2024';

(2) in Airteagal 5, cuirtear an dáta '30 Meitheamh 2029' in ionad an dáta '30 Meitheamh 2026'.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*